

SCOIL RAIFTEIRÍ

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

POLASAÍ AR MHEASÚNÚ AGUS AR MHEASTÓIREACHT

Déanann an oide páistí a ranga a mheas go rialta i rith na scoilbhliana. Aithníonn gach oide go bhfuil gach páiste dífrúil. Déantar é seo go neamhfhoirmiúl tríd na bliana. Déantar measúnú foirmálta i bhfoirm teisteanna ar leith a úsáid. Na teisteanna a úsáidtear ná:

1. **Micra T Léitheoireacht Béarla le déanamh gach bliain.**
Cuirtear seirbhís tacaíocht foghlama ar fáil le scór ar nó faoi 12ú percentile ar teisteanna foirmálta. Don pháiste le scór atá ar nó faoin 2ú percentile is cóir iad a chlarú mar prioracht ard chun seirbhís tacaíochta agus athbhreathnú a fháil.
2. **Sigma T Test (Mata), gach bliain. Mar atá thuas.**
3. **MIST le bheith déanta ag an dara téarma, Naíonáin Shinsir, gach bliain.**
4. **Marino/Droim Chonrach/Eile- de réir an oide féin, do bhreis eolas a fháil.**
5. **Teisteanna Eile atá molta chun dyslexia, agus rl. a aitint faoi stiúr an oide tacaíochta/achmhannaí, chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt don oide ranga agus an páiste.**

Is cóir do gach oide ar an bhfoireann bheith dilís agus ionraic i leith na teisteanna seo, Tá sé seo tabhachta ionas go mbeidh pictiúr cothrom á fáil, ó mhúinteoir go muinteoir.

Úsáidtear na teisteanna seo le:

- **Dul chun chinn a mheas.**
- **Cuideanna den chlár a aithint go bhfuil breis cabhair ag teastáil ón bpáiste.**
- **Grupaí a dhéanamh.**
- **Eolas a thabhairt do thuistí faoi na loigeachtaí maraon le na buanna atá sroichte san abhar sin.**

- Eolas cruinn a bheith ar fáil ar comhad sa scoil faoi gach dalta.
- Eolas don mhúinteoir nuair atá rang nua dáilithe.

Moltar na teisteanna a dhéanamh de réir na treoracha atá leagtha amach dóibh. I gcás go bhfuil fadhbanna/deachreachtáí ag an bpáiste, caithfear é a aitint, agus leibhéal níos ísle/airde a thabhairt. I gcás Mata/Bearla/Gaeilge/Eile moltar:

1. Go leor samplaí a dhéanamh agus dul siar laethúil mar ghnáth chuid den rang Mata/Béarla, mar polasaí ranga I rith na bliana. Beidh gá le dul siar go háráithe ag tús na bliana le gach rang.
2. Nuair atá siad ceartaithe tá billeog le líonadh de na toraidh agus beidh cóip díobh sin ag teastáil ón bPríomhoide, maraon le cóip de gach teist thuasluaite.
3. Tar éis an cheartú, is cóir go leor samplaí bhreise a thabhairt ar scoil chun loigeachtaí a fheabhsú, agus taithí agus féin-mhuinín a thabhairt don pháiste. Is cóir cóip de na toraidh a chur isteach sa Fillteán Dubh Ranga mar eolas do gach oide bainteach leis an rang . Baileofar na fillteáin ag deireadh gach scoilbhliain, agus tá sé an-úsáideach i rith na bliana freisin.
4. I gcás go bhfuil aon buairt ar oide faoin scór, is cóir an príomhoide a chur ar an eolas, agus cabhair breise a eagrú óna oidí san oideachais speisialta.

CRUINNITHE AGUS TUAIRISCÍ SCOILE

- (a) Moltar an t-eolas faoi teisteanna agus faoi dul chun chinn na daltaí a choinneál sa scoil. I gcás go bhfuil mairceanna/toraidh ag téastáil beidh fáilte roimh thuistí coinne a dhéanamh leis an oide chun na toraidh a fháil. Cuirfear an tuairisc scoile sa phost ag deireadh na scoilbhliana, agus ní bheidh aon mairceanna curtha air. Dár ndóigh, ag cruinnithe ‘‘Aon le Aon’’ cuirfear na tuistí ar an eolas faoi dul chun chinn an phaiste/ mairceanna a fuaireadar agus moltaí le athdhéanamh agus feabhsú. Seo seans le feabhas a dhéanamh agus árd breise a thabhairt don pháiste roimh saoire an tSamhraidh.
- (b) Bíodh Tuairiscí Scoile ar fáil do ghach pháiste, líonta isteach ag na cruinnithe 1 le 1 i mí na Samhna. Bíodh feabhas nó a mhalairt marcáilte isteach le biro difriúil i mí an Mheithimh.

MÍ IÚL:

Seolfar an tuairisc abhaile chuig na tuismitheoirí. Bíodh léarmheas gairid ón mhúinteora i nGaeilge do thuismitheoirí le Gaeilge agus i mBéarla do thuistí ar bheagán Gaeilge. Bíodh an cuntas cruinn, gairid, agus fíorasach.

TEIST SEACHTAINIÚIL:

Bíodh Toradh Seachtainiúil/Coicíse/Miosúil ar fáil i gcóipleabhair an mhúinteora, agus ní cóir go mbeadh brú ar aon pháiste futhu. Ní cóir go mbeadh fios ag an bpáiste gur teist é, ach ar mhaithe le dul chun chinn/meastúcháin a thabhairt don oide ranga. Is féidir leo tarlú de réir rogha an oide/lá/am agus eile.


Rang 1: Tosnaíonn Rang 1 ag foghlaim na litriú. Moltar litriú Béarla a dhéanamh ar fad i dtosach agus ansin an Ghaeilge a thosnú sa triú téarma, chun réamhchabhair a thabhairt roimh dul isteach chuig Rang 2. Is fearr tosnú le cupla focal Béarla agus é a mhéadú de réir a chéile. Bíodh siad bunaithe ar stór focal na páistí atá le litriú de réir an úsáid a bhaintear as na bhfocal I gnathchaint an phaiste, gnáthsaol an phaiste. ms. Pop, corn, chips.....agus de réir clanntaí na bhfocal, ms. Man, can, fan,...Baillítear focal, agus líostaí as sin.

Rang 2: Tosnaítear litriú i nGaeilge.

Teisteanna: Reitíonn an oide féin ceann beag ms. I lár na seachtaine mar abhar measúnú, chun dul chun chinn a mheas. Coiníonn an oide féin na torthaí agus ní dhéantar aon rud mór astu, chun an bhrú ón duine lag a bhaint, agus brú a bhaint óna tuistí.

POLASAÍ CRUINNITHE AON LE hAON

Tráth don Bhliain: Tarlaíonn na coinnithe seo Mí Feabhra.

Éagrúcháin: Beidh gá don oide ranga ag tús na bliana cúlra na bpáistí a fháil ón iar-oide, I gcás go bhfuil amhras ann, nó ceist. Beidh gá le breathnú ar toradh na tuaraiscí, teanna, Micra-t, Sigma-t agus rl.

Tá deich nóimead eagraithe agus coinnithe curtha in áirithe ionas go mbeidh tuistí in ann freastal a dhéanamh do ghach páiste scoile sa chlann. Ní moltar aon chruinniú a athrú ó thaobh am nó dáta gan fáth mhaith ag an Oide nó ag an tuismitheoir.

- (1) I gcás go bhfuil am breise nó coinne eile ag teastáil: Breac síos ainm an tuismitheora don Príomhoide.
- (2) I gcás go bhfuil aon cheist eile á bplé ag an tuismitheoir: Breac síos an ábhar cainte agus ainm na dtuistí.
- (3) I gcás go bhfuil gearán/moladh tóg síos nóta agus ainm an tuismitheora. Lión isteach an fhoirm Meastúcháin don phríomhoide, chun diriú ar fhadhbanna a réiteach, cabhair breise a lorg agus rl.

- (4) I gcás go bhfuil páiste ag freastal ar an oide Tacaíochta Foghlama/Achmhainne bíonn am oscailte tugtha do na tuistí labhairt le na hoidí sin.
- (5) Aithnítear go bhfuil dífríochtaí ag páistí agus is gá dúinn cur suas leo/fulaingt. Bíodh gach coinne gearr, gonta, fíorasach, agus ar an bpointe---sé sin dul chun chinn an pháiste.

DON CHOINNNE:

1. Cuir fáilte roimh an tuismitheoir agus bain úsáid as a gcéad ainm chun iad a chur ar a suaimhneas.
2. Seo mar atá dul chun chinn:
Mairceanna----
Iompar agus Béasaí-----
3. Tá mé sásta le _____
4. Ar mhaithe leis an bpáiste is cóir aird faoi leith a dhiriú ar-----
5. Cabhróidh----- leis an scéal a leighsiú, nó bain triall as-----
6. Tá sé/sí an-mhaith ag-----
7. Míle Buíochas as ucht a theacht agus don tacaíocht.

TEISTEANNA: MICRA T, SIGMA T nó Eile: Moltar tuairisc beacht fíorasach a thabhairt .

Moltar don oide:

Pictiúr dáiríre a thabhairt faoin páiste.

Caighdeán anois

Obair sa rang

Obair Bhaile.

Buanna deimhneach an pháiste.

Na hábhar/cuideanna a fhaigheann sé/sí deacair.

Bealach go bhféadfadh an tuismitheora cabhrú.

Aon moltaí acu féin?

Bíodh na Tuairiscí Scoile líonta mar atá anois. Is féidir feabhas nó a mhalairt a chur síos le biro dearg i Mí an Mheithimh sula seolfar abhaile iad.

Is cóir cóip de gach teist (Micra T etc.) a choinneáil agus toraidh an ranga a thabhairt suas chuig an Príomhoide i Mí na Samhna/Nollag, Aibreán/Bealtaine le cur ar chomhad. I gcás go bhfuil aon oide buartha faoi scór an pháiste is fearr diriú ar an fhadhb luath, an príomhoide, oide tacaíochta, achmhainne agus tuistí a chur ar an eolas chun chabhair/ tuairisc a lorg le cead na tuistí, de réir rialacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ón Siceolaí atá lonaithe sa cheantar ó NEPS. Beidh gá le cúnaimh agus tacaíocht a fháil i rith na bliana ó NEPS. Beidh gá na treorlíní a leanúaint.

Bíodh gach toradh ceart agus cruinn i bhFillteáin an Oide Ranga, agus ar chomhad in oifig an phríomhoide. Ní cuirtear aon toradh/mairceanna abhaile ar aon tuairisc ariamh. Is féidir léarmheasa an pháiste i mBéarla/Gaeilge, siniú an mhúinteora, príomhoide agus dáta a líonadh ag tús Mí an Mheithimh.

Athbhreathnú ar an Pholasáí: Déanfar é de réir riachtanas.

Dáta: Don Fhoireann Mean Fómhair 2003.